



Naíonáin Bheaga	<p><u>Ainm: Flynn Mac Calbhaigh</u> Is páiste álainn, díograiseach é Flynn. Tá suim mhór aige san fhoghlaim agus cuireann sé go mór le saol na scoile. Cloínn sé lena rialacha i gcónaí agus bíonn sé go deas cineálta ag roinnt agus ag smaoineamh ar pháistí eile. Tá Flynn ag déanamh sár-jab ag foghlaim na Gaeilge agus cloisim é a labhairt aige go neamhfhoirmiúil agus é ag spraoi. Maith Thú Flynn! Coinnigh Ort!</p> <p>Múinteoir Roisín</p>	<p><u>Ainm: Fiadh Ní Bhuachalla</u> Is cailín iontach cuidiúil í Fiadh. Bhéinn cailte gan í sa rang. Chomh maith le sin, éistean sí go cúramach i rith na ceachtanna i gcónaí. Cuireann sí a lámh suas le ceistanna a fhreagairt an t-am ar fad. Éistean sí agus glacann sí le comhairle faoi a cuid oibre scríofa. Is mór an phléisiúir í a bheith sa rang. Maith Thú Fiadh. Is réalta thú!</p> <p>Múinteoir Roisín</p>
Naíonáin Mhóra A	<p><u>Ainm: Grace Ní Chlúmháin</u> Is cailín álainn, geal-gháireach í Grace. Tá sí chomh béasach, cineálta agus cairdiúil. Éistean sí go h-iontach agus déanann sí obair iontach sa rang gach uile lá. Tá meon iontach ag Grace. Tá an t-ádh liom go bhfuil Grace i mo rang. Maith thú Grace!</p> <p>Múinteoir Fionnuala</p>	<p><u>Ainm: Ollie Mac Gabhann</u> Is buachaill lách, ciúin agus cineálta é Ollie. Tá sé díograiseach faoin obair agus déanann sé obair iontach gach lá. Éistean sé go h-iontach sa rang gach lá. Réitíonn sé go h-iontach le gach duine sa rang. Tá an t-ádh liom go bhfuil Ollie i mo rang. Maith thú Ollie!</p> <p>Múinteoir Fionnuala</p>
Naíonáin Mhóra B	<p><u>Ainm: Cara Nig Shamhráin</u> Is mór an pléisiúir dom Gradam na Samhna a bhronnadh ar Cara. Bíonn Cara ag obair go díograiseach sa rang agus déanann sí a seacht míle dhícheall i gcónaí. Is cailín béasach í a chloíonn leis na rialacha ranga agus scoile i gcónaí. Léiríonn Cara meas ar gach duine agus uirthi féin. Tá Cara ábalta obair go neamhspleách agus i ngrúpaí nuair atá sí ag súgradh nó i mbun oibre. Roinneann Cara a thuairimí agus eolas eolaíochta linn. Go raibh maith agat! Tugann Cara inspioráid dúinn, don fhoghlaim agus súgradh le chéile. Léiríonn Cara spéis san fhoghlaim. Tá bealach séimh aici. Úsáideann Cara an teanga go laethúil sa rang. Éistean Cara go cúramach agus tá feabhas iontach tagtha ar a gcuid oibre agus léitheoireacht. Cuidíonn Cara le daoine eile agus leis an múinteoir ranga. Is cailín flaithiúil í agus léiríonn Cara deashampla do phaistí eile. Comhghairdeas leat a Chara !</p> <p>Múinteoir Méabh</p>	<p><u>Ainm: Luke Ó Cochláin.</u> Is mór an pléisiúir dom Gradam na Samhna a bhronnadh ar Luke. Bíonn Luke ag obair go díograiseach sa rang agus déanann sé a seacht míle dhícheall i gcónaí. Is buachaill béasach, dea-mhúinte é a chloíonn leis na rialacha ranga agus scoile i gcónaí. Léiríonn Luke meas ar gach duine agus air féin. Tá Luke ábalta obair go neamhspleách agus i ngrúpaí nuair atá sé ag súgradh nó i mbun oibre. Léiríonn Luke spéis san fhoghlaim. Tá bealach séimh aige. Úsáideann Luke an teanga go muiníneach go laethúil sa rang. Éistean Luke go cúramach agus tá feabhas iontach tagtha ar a gcuid oibre agus a obair scríofa. Is buachaill flaithiúil agus grámhar é agus léiríonn Luke deashampla do phaistí eile. Comhghairdeas leat a Luke !</p> <p>Múinteoir Méabh</p>
Rang 1 A	<p><u>Ainm: Jacob Eibhearard</u> Is buachaill cineálta agus cairdiúil é Jacob. Tá an gradam seo tuillte go mór aige de bharr an iarracht mhór a chur sé isteach lena obair scríofa an téarma seo. Bíonn meon dearfach aige i dtaobh a obair. Déanann sé an obair scríofa go cúramach agus bíonn sé i gconaí néata. Lean leis an obair iontach Jacob!</p> <p>Múinteoir Laura</p>	<p><u>Ainm: Cian Zabara</u> Roghnaigh mé Cian don gradam seo mar gheall ar an iarracht iontach atá déanta aige le bheith ag éisteach agus ag obair go dian sa rang. Bíonn Cian i gconaí ag iarraidh a dhícheall a dhéanamh agus bíonn sé le feiceáil le linn tascanna agus obair scríofa. Chomh maith le sin, bíonn Cian i gconaí ag cabhrú leis an múinteoir agus ag tacú leis na páistí eile sa rang. Maith thú Cian!</p> <p>Múinteoir Laura</p>
Rang 1 B	<p><u>Ainm: Ollie Mac Amhaláí</u> Tá áthas orm an gradam seo a thabhairt don bhuachaill seo. Is cara maith é agus réitíonn sé go maith le gach duine sa rang. Tá sé an-mhaith ag matamaitic agus ealaín. Bíonn sé i gcónaí ag tairiscint cuidiú le daoine eile. Maith thú Ollie!</p> <p>Múinteoir Sorcha</p>	<p><u>Ainm: Kateryna Denysova</u> Táim iontach sásta an gradam a thabhairt don chailín seo. Is cailín cairdiúil, dícheallach í. Tá sár-obair déanta aici go dtí seo sa rang. Cuireann sí iarracht den scoth isteach ina cuid oibre. Tá sí ar fheabhas ag léamh. Maith thú Kateryna!</p> <p>Múinteoir Sorcha</p>



Rang 2	<p><u>Ainm: Abdull Rafay Tariq</u></p> <p>Tá mé an-sásta leis an obair iontach atá ar siúl ag Abdull sa rang. Tá sé ar feabhas ag éisteacht sa rang, ag díriú isteach ar an obair agus bíonn sé i gcónaí sásta i gcóir daoine eile. Mar shampla, má faigheann duine eile duais nó post cloiseann tú Abdull ag rá "maith thú" leis an duine sin. Is buachaill álainn, cineálta agus tuiscinach é. Lean ar aghaidh leis an dea-obair agus iompar tuiscéanach Abdull! Maith thú!</p> <p><u>Múinteoir Séamus</u></p>	<p><u>Ainm: Zoey Ní Dhonghaile</u></p> <p>Is cailín álainn, cairdiúil agus béasach í Zoey. Tá an-obair ar siúl aici sa rang. Bíonn sí go maith ag éisteacht agus ag díriú isteach ar an obair. Tá neart cairde ag Zoey sa rang agus ar scoil agus bíonn sí i gcónaí go hiontach sa chlós. Cuireann Zoey go mór leis an rang. Lean ar aghaidh leis an dea-obair agus iompar Zoey! Maith thú!</p> <p><u>Múinteoir Séamus</u></p>
Rang 3A	<p><u>Ainm: Eavanne Ní Luachráin</u></p> <p>Táim iontach sásta an gradam a thabhairt don chailín seo. Is cailín cairdiúil, cineálta í Eavanne. Tá Gaeilge álainn cruinn aici. Tá sár-obair déanta aici go dtí seo sa rang. Glacann sí páirt i ngach rud atá ar súil againn sa rang. Cuireann sí iarracht den scoth isteach ina cuid oibre. Tá an-suim aici san fhoghlaim agus tá sí iontach maith ag an Ealaín. Tá an t-ádh liom go bhfuil an cailín seo i mo rang. Lean ort Eavanne!</p> <p><u>Múinteoir Laoise</u></p>	<p><u>Ainm: Alan Ó Ceallaigh</u></p> <p>Tá áthas orm an gradam seo a thabhairt don bhuachaill seo. Is buachaill deas agus cineálta é Alan. Is cara maith é agus réitíonn sé go maith le gach duine sa rang. Is buachaill dea-bhéasach agus cabhrach é. Oibríonn sé go dian sa rang. Déanann sé a dhícheall leis an obair agus leis an Ghaeilge. Bíonn sé breá sásta ag léamh don rang. Maith thú Alan! Lean ort leis an sár-obair atá déanta agat an bhliain seo.</p> <p><u>Múinteoir Laoise</u></p>
Rang 3B	<p><u>Ainm: Alan Bilot</u></p> <p>Tá an gradam seo tuilte go maith ag Alan. Is buachaill agus dalta an-deas é Alan, atá díograiseach in a chuid oibre. Tá sé béasach liom i gcónaí, agus cé go mbíonn an-spraoi aige sa seomra ranga, oibríonn sé an-dian lena chuid oibre agus bíonn sé i gcónaí álainn néata agus eagraithe dom. Maith thú a Alan, coinnigh ort!</p> <p><u>Múinteoir Peadar</u></p>	<p><u>Ainm: Amelia Ní Chlocháin</u></p> <p>Táim breá sásta chun an gradam seo a bhronnadh ar Amelia an tSamhain seo. Tá sí ag obair go dian, agus is í an tréithe is fearr fuithí ná go ndéanann sí a dícheall ar dtús le pé rud a chuirim os a comhair, agus ansin lorgaíonn sí tacaíocht nó comhairle uaim. Is meon iontach le bheith agat, agus tabhair leat é i gcónaí! Maith thú Amelia!! Ná stad!</p> <p><u>Múinteoir Peadar</u></p>
Rang 4A	<p><u>Ainm: Ryan Ó Foghlú</u></p> <p>Is buachaill cineálta, béasach agus cairdiúil é Ryan. Bíonn sé i gcónaí ag éisteacht leis an mhúinteoir nó aon duine fásta sa rang nó lasmuigh den rang. Déanann sé a dhícheall i ngach uile ábhair agus tá dul chun cinn iontach déanta aige sa scipeáil, dár le múinteoir Eoin ó 'Léim Thart'. An rud is mó a sheasann amach dom le Ryan, ná gur cara iontach deas é le gach duine sa rang agus tá sé iontach deas é a bheith sa rang. Comhgairdeachas Ryan.</p> <p><u>Múinteoir Fiona Ní L.</u></p>	<p><u>Ainm: Sophia Ní Síthigh</u></p> <p>Tá mé chomh sásta, gradam na Samhna, a bhronnadh ar Sophia. Bíonn sí ag smaoineamh i gconaí sa rang agus tugann sí léargas agus freagraí iontach suimiúil nuair atá muid ag plé topaicí difriúla. Déanann sí a dhícheall i gcónaí agus bíonn sí fíor bhéasach agus cairdiúil le gach duine. Tá sí cruthaitheach agus dea-bhéasach agus is duine álainn í. Maith thú Sophia.</p> <p><u>Múinteoir Fiona Ní L.</u></p>
Rang 4B	<p><u>Ainm: Molly Ní Dháill</u></p> <p>Is cailín díograiseach, cabhrach agus cineálta í Molly. Cuireann sí a croí isteach i ngach rud a dhéanann sí sa rang i gcónaí. Éisteann sí sa rang agus bíonn obair cruinn agus néata déanta aici. Tá sí cruthaitheach, bíonn a cuid ealaín go hálainn agus is léir go mbaineann sí an-sult as. Is cara maith í agus bíonn sí cineálta le dhaoine eile nuair atá brón orthu. Cuireann Molly go mór leis an rang agus is mór an phléisiúr dom í a mhúineadh. Coinnigh suas an obair mhaith! Maith thú!</p> <p><u>Múinteoir Catherine</u></p>	<p><u>Ainm: Xavier Ryan</u></p> <p>Is mór an phléisiúr dom Xavier a mhúineadh i mbliana. Is buachaill cineálta agus cabhrach é agus bíonn meas aige do gach duine sa rang i gcónaí. Tá sé neamhspleách agus déanann sé a dhícheall lena chuid oibre sa rang. Tá sé an-eolach faoi a lán toipicí san eolaíocht. Tá sé cruthaitheach agus tá sé an-mhaith ag tarraingt pictiúir. Bíonn sé i gcónaí sásta cabhrú leis an mhúinteoir agus le daoine eile agus tá an t-adh liom go bhfuil a léithead sa rang i mbliana. Coinnigh suas an obair mhaith! Maith thú!</p> <p><u>Múinteoir Catherine</u></p>



Rang 5A	<p><u>Ainm: Harry Milner</u></p> <p>Tá an gradam tuillte ag Harry mar bíonn sé béasach agus comhoibríoch sa rang. Oibríonn sé go dian i rith na ceachtanna scoile. Freagraíonn sé ceisteanna agus déanann sé a dhícheall i gcónaí leis an obair scríofa. Is féidir brath air freisin postanna a dhéanamh sa rang nó thart timpeall na scoile. Bíonn sé cairdiúil agus cabhrach le na páistí eile sa rang. Tá an-suim ag Harry sa stair agus oibríonn sé go dícheallach ar an ábhar seo. Maith thú Harry agus coinnigh ort!</p> <p><u>Múinteoir Siobhán</u></p>	<p><u>Ainm: Ionela Zagoret</u></p> <p>Tá an-áthas orm Gradam na Samhna a bhronnadh ar Ionella. Is cailín cúirtéiseach agus cairdiúil í Ionella. Réitíonn sí go han-mhaith leis na páistí eile sa rang agus is cailín í a bhíonn tuisceanach agus cineálta le páistí eile. Oibríonn sí go dícheallach sa rang agus bíonn neart oibre scríofa déanta le linn na gceachtanna. Is cailín í a éisteann go cúramach le treoracha an mhúinteora freisin agus tugann sé seo dea-shampla don chuid eile don rang. Sár-obair Ionala agus lean ort!</p> <p><u>Múinteoir Siobhán</u></p>
Rang 5B	<p><u>Ainm: Alex Mac Gabhann</u></p> <p>Tá áthas orm an gradam seo a thabhairt don bhuachaill seo. Is buachaill béasach, cairdiúil agus cineálta é Alex agus tá sé soléir dom go bhfuil sé i gcónaí réidh chun a dhícheall a dhéanamh cibé obair nó ábhar atá i gceist. Bíonn sé bréa sásta cabhrú le aon duine sa rang. Maith thú Alex. Lean ort leis an sár-obair atá déanta agat cheanna féin.</p> <p><u>Múinteoir Fiona B.</u></p>	<p><u>Ainm: Aimee Leigh Ní Chochláin Ní Dhúghaill</u></p> <p>Táim iontach sásta an gradam a thabhairt don chailín seo. Is cailín cairdiúil, cabhrach, cruthaitheach í Aimee-Leigh. Tá Gaeilge álainn cruinn aici. Tá sár-obair déanta aici go dtí seo sa rang. Glacann sí páirt i ngach rud atá ar súil againn sa rang. Cuireann sí iarracht den scoth isteach ina cuid oibre. Tá an-suim aici san fhoghlaim agus tá sí iontach maith ag an Ealaín. Tá an t-ádh liom go bhfuil an cailín seo i mo rang. Lean ort Aimee-Leigh!</p> <p><u>Múinteoir Fiona B.</u></p>
Rang 6A	<p><u>Ainm: Kevin Rubenis</u></p> <p>Is buachaill uasal é Kevin. Tá béasaí álainn aige agus bíonn sé buíoch as na rudaí beaga sa rang. Tá pearsantacht ollmhór ag Kevin agus cuireann sé miongháire ar aghaidh chuile dhuine sa rang. Bíonn Kevin i gcónaí sásta cuidiú liomsa agus le aon múinteoir eile sa scoil. Bíonn sé dírithe ar a chuid oibre agus tá bua aige sa mhata agus sa spórt. Maith thú Kevin agus lean ort leis na hiarrachtaí iontacha seo!</p> <p><u>Múinteoir Clara</u></p>	<p><u>Ainm: Isabelle Ní hÉilí</u></p> <p>Tá mé an-sásta an ghradam seo a bhronnadh ar Isabelle mar tá sé tuillte go mór aici! Is cailín cliste, cairdiúil agus cabhrach í Isabelle agus réitíonn sí go hiontach le gach duine sa rang. Is cailín freagach í Isabelle agus bím in ann braith uirthi i gcónaí. Bíonn obair Isabelle déanta d'ard chaighdeán agus bíonn sí an-bhródúil as a cuid oibre. Maith thú Isabelle.</p> <p><u>Múinteoir Clara</u></p>
Rang 6B	<p><u>Ainm: Joshua Mac Ghiolla Phádraig</u></p> <p>Tá an duine seo tar éis sár obair a dhéanamh ón chéad lá a thosnaigh muid i Rang a 6. Déanann sé sár iarracht le gach rud atá i mbun againn sa rang. Taobh amuigh den obair atá i mbun sa rang, is féidir brath air postanna a dhéanamh do mhúinteoirí, agus tá sé iontach cineálta le gach duine timpeall na scoile! Molaim go hard thú Joshua!</p> <p><u>Múinteoir Adrian</u></p>	<p><u>Ainm: Adriana Sevostjanova</u></p> <p>Is cailín séimh an chailín seo a dhéanann a cuid oibre i mbealach ciúin, ní bhíonn ag iarraidh rud mór a dhéanamh as. An rud a sheasann amach domsa ná an chaoi a chabhraíonn le páiste faoi leith sa rang. Arís, déanann sí cinnte an t-am ar fad go dtuigeann an duine seo céard atá ar siúl nó céard atá le déanamh. Comh maith leis sin, tá sí iontach cabhrach le daoine eile timpeall na scoile. Molaim go hard thú Adriana!</p> <p><u>Múinteoir Adrian</u></p>

Gradam Rang Ellen

Ainm: Reuben Akbulut

Tá mé chomh bródúil as an obair uilig atá déanta ag Reuben an téarma seo ar scoil. Tá Reuben tar éis socrú isteach go mór i Rang Ellen agus is cuid lárnach é den rang. Tá pearsantacht álainn, gealgháireach Reuben ag lonrú agus é ar scoil agus tá mé ag súil go mór le bheith ag obair leis don chuid eile den bhliain. Maith thú, Reuben, tá mé thar a bheith bródúil asat!

Múinteoir Ellen

Gradam an Phríomhoide

Ainm: James Ó Tailliúr- Isdale

Is buachaill thar a bheith cineálta agus foighdeach é James. Bíonn sé i gcoilín na cluichí ar an clós, i gcoilín an spraoi sa rang ach is é an chéad duine a bhíonn ag caint agus ag cuidiú le páistí atá neirbhíseach nó neamhchinnte chomh maith. Is sár-réiteoir é James agus thiocfadh leis a bheith ina ambasadóir síochána amach anseo!

Déanann James a seacht ndícheall an Ghaeilge go léir atá aige a úsáid agus spreagann sé a chuid cairde chun labhairt agus súgradh tríd an Ghaeilge chomh maith. Is breá liom an bealach réchúiseach, cothrom atá aige agus tá súil agam go n-éireoidh go geall leis amach anseo.

Go raibh maith agat as teacht ar scoil gach lá le miongháire ar d'aghaidh James agus as miongháire a chur orm gach lá le do scéalta agus tréithe álainn.

Clár Ní Mhaoláin

Príomhoide



